

Dualgas ar Chuideachtaí Móra Faisnéis Neamh-Airgeadais a Dhíspreagadh¹

Éilítear ar chuideachtaí, grúpaí agus gnóthais mhóra² faisnéis neamh-airgeadais a nochtadh agus a fhoilsiú, gach bliain airgeadais, i gcuid áirithe de thuarascáil na stiúrthóirí nó i ráiteas ar leithligh. Is é an fhaisnéis atá de dhíth ná na beartais a chuireann an chuideachta i bhfeidhm maidir le: cosaint an chomhshaoil, freagracht shóisialta agus cóireáil fostaithe, meas ar chearta an duine, breabaireacht agus frith-éilliú.

Ina theannta sin, tá sé de cheangal ar chuideachta mhór thrádáilte faisnéis a nochtadh ina "Ráiteas Rialachais Chorparáidigh" maidir le héagsúlacht ar a mbord (i dtéarmaí aois, inscne, oideachas agus cúlra gairmiúla).

Is cion é teip an ceanglas faisnéis neamhairgeadais a nochtadh a chomhlíonadh agus dlífead ar duine ar bith a bhfaightear ciontach é a chiontú go hachomair fíneáil aicme A nó príosúnacht nach mó ná 6 mhí, nó iad araon.

¹ Treoir 2014/95/AE curtha i bhfeidhm in Éirinn ag I.R. Uimh. 360 de 2017 arna leasú ag I.R. Uimh. 410 de 2018.

² Alt 280H d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le hAlt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, a chuireann caibidil nua 1A isteach).